



VACSÁIN
COVID-19
Comhairle
Sláinte Poiblí

Gaillimh Ionad Vacsaínithe FnaSS Eolas don Phobal

An t-eolas is déanaí 08/06/2021



Ráschúrsa na Gaillimhe
Baile an Bhriotaigh,
Gaillimh

EOLAS FAOIN IONAD



Tá ionad vacsaínithe FnaSS i nGaillimh lonnaithe i Ráschúrsa na Gaillimhe, Baile an Bhriotaigh. Cabhróidh an t-eolas seo leat ullmhú do do choinne vacsaínithe. Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.hse.ie

Láthair:

Ráschúrsa na Gaillimhe, Baile an Bhriotaigh, Gaillimh

Tá léarscáil le fáil ag an nasc seo: <https://goo.gl/maps/oLtVVSXiCBHdJT2wx5>



ROIMH DO CHOINNE



- Gheobhaidh tú cuireadh chuig do choinne trí theachtaireacht téacs (SMS)
- Beidh am, dáta agus láthair do choinne sa téacs
- Tabhair leat d'uimhir PSP agus d'aitheantas grianghraif (m.sh. pas, ceadúnas tiomána/Cárta Seirbhísi Poiblí). Ní bhfaighidh tú vacsaín gan chárta aitheantais.
- Ba chóir duit éadach scaoilte nó léine le muincillí gearra a chaitheamh mar go bhfaighidh tú an vacsaín in uachtar do láimhe
- Ná tar níos luaithe ná 10 nóiméad roimh do choinne agus fan i do charr go dtí 5 nóiméad roimh do choinne ar mhaithe le bainistiú tráchta
- Caith éadach atá feiliúnach don aimsir mar go bhféadfá a bheith i scuaine lasmuigh
- Tá an bealach isteach do choisithe 400m ón stad bus (bealach 401 agus 409)

NUAIR A THAGANN TÚ ISTEACH



- Caith clúdach aghaidhe nuair a thagann tú isteach agus le linn do choinne
- Tar isteach go dtí an t-ionad ón bpríomhbhealach ar Bhóthar na Páirce Móire
- Más ag tiomáint atá tú, treoróidh an fhoireann slándála thú chuig an gcarrchlós
- Fiafróidh an fhoireann slándála cé thú féin chun a dheimhniú go bhfuil coinne vacsaínithe socraithe duit
- Tá spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas ar fáil dóibh sin le ceadúnas agus treorófar daoine le deacrachtaí siúil chuig pointe bailithe
- Má tá comrádaí leat, ba chóir dóibh fanacht sa gcarr mura gá dóibh dul isteach leat

IONAD FÁILTITHE



- Páirceáil do charr agus déan do bhealach go dtí an t-ionad fáiltithe atá ag geataí an ráschúrsa
- D'fhéadfadh sé go mbeadh ort siúl 200m go dtí an t-ionad fáiltithe má bhíonn a lán carranna páirceáilte ansin
- D'fhéadfadh go leor daoine a bheith sa líne go dtí an t-ionad vacsaínithe, mar sin fan amach 2 mhéadar ó dhaoine eile
- Ag an ionad fáiltithe, iarrfar d'ainm agus am do choinne ort chomh maith le cruthúnas aitheantais ar nós pas, ceadúnas tiomána nó cárta seirbhísí poiblí
- Beidh ort siúl 150 méadar ón ionad fáiltithe go dtí an deasc clárúcháin

LAISTIGH DEN IONAD



- Glan do lámha le díghalrán agus tú ag dul isteach sa bhfoirgneamh
- Ag an deasc fáiltithe, iarrfaidh na baill foirne d'uimhir PSP agus cruthúnas aitheantais ort
- Treorófar ansin tú chuig both ar a bhfuil uimhir, chun do vacsaín a fháil
- Beidh vacsaíneoir ag fanacht leat taobh istigh den bhoth
- Cuirfidh an vacsaíneoir roinnt ceisteanna ort chun a dheimhniú go bhfuil tú i dteideal an vacsaín a fháil agus cuirfidh sé/sí an vacsaín isteach i mbarr do lámh
- Tabharfar cárta vacsaínithe duit agus iarrfar ort suí san ionad breathnóireachta ar feadh 15 nóiméad
- Tar éis 15 nóiméad is féidir leat an t-ionad breathnóireachta a fhágáil trí dul amach an doras éalaithe. Glan do lámha le díghalrán sula bhfágann tú
- Lean na treoracha chun dul amach
- Ba chóir duit an cárta vacsaínithe a choinneáil in áit shábháilte, beidh sé ag teastáil má bhíonn ort an dara dáileog den vacsaín a fháil